



Poetry – A Chlann
Irish Past Exam Questions
Higher Level

2012

Paper Two > Section 1 > Question 4F

4F. Dánta Breise - *A Chlann*

Freagair na trí cheist seo a leanas:

- (i) Cad é príomhthéama an dáin *A Chlann* (thall), dar leat?
Déan plé ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar an bpríomhthéama sin ó thús go deireadh an dáin. (20 marc)

- (ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Dá bhféadfainn, dhéanfainn rud daoibh
Nár dheineas riamh dom féin -
Mhaithfinn daoibh gach peaca
's d'agróinn cogadh ar pháin!

(10 marc)

- (iii) Cén mothú is mó a mhúscail dearcadh na máthar ionat féin? (Is leor **dhá** phointe eolais.) (10 marc)

A Chlann

- 1 Dá bhféadfainn sibh a chosaint ar an saol so,
Chosnóinn!
I ngach bearna baoil,
Bheadh aingeal romhaibh!
5 Bheadh bhúr mbóthar réidh is socair –
Bhúr sléibhte 'na maolchnoic mhíne –
Bhúr bhfarragí gléghorm
Ó d'fhág sibh cé mo chroí.

- Chloífinn fuath is díoltas
10 Dá dtiocfaidís bhúr ngaor,
Thiocfainn eadar sibh is fearg Dé!
Dá bhféadfainn, dhéanfainn rud daoibh
Nár dheineas riamh dom féin –
Mhaithfinn daoibh gach peaca
15 's d'agróinn cogadh ar phéin!

- Fada uaim a ghluaisfidh sibh,
Ar bhúr mbealach féin
I bhfiacail bhúr bhfáistine,
Ná feicim ach im' bhuairt
20 Is cuma libh faoin anaithe,
Nó sin é a deir sibh liom –
Ag tabhairt dúshláin faoi aithne na dtuar!

- Ní liomsa bhúr mbrionglóidí ná bhúr mbealaí
Ná ní liomsa bhur smaointe ná bhúr ndearcadh!
25 Níl baint agam le rogha bhúr gcroí –
Le fuacht ná teas
Le lá ná oíche
Níl rogha agam i bhúr dtodhchaí
Níl agam ach guí. ...